


Cérbh iad na Lochlannaigh?

Tháinig na Lochlannaigh ó na **críocha** (lands) **Lochlannacha** (Scandinavia) – an Danmhairg, an Iorua agus an tSualainn mar a thugaimid orthu anois. Bhí an-chálí orthu mar chreachadóirí (plunderers) ach ba cheannaithe (traders), taiscéalaithe (explorers), filí agus saoir bháid iad chomh maith. Ba sheoltóirí den scoth (excellent) iad freisin. Bhí na Lochlannaigh i gceannas na bhfarraigí idir 700 A.D. agus 1000 A.D., nó mar sin.

Ba cheannródaíthe (pioneers) iad a thaisíl i bhfad i gcéin, chuig áiteanna nach raibh eolas ag daoine eile orthu, áiteanna nach mbeadh seans ag daoine eile a fheiceáil. Sheol siad trasna an Atlantaigh chuig an Ioslainn agus chuig an nGraonlainn (Greenland). Thaisíl siad chomh fada le Meiriceá Thuaidh! Féach an féidir leat roinnt de na háiteanna seo a mharcáil ar iad freisin. Bhí na Lochlannaigh i gceannas na bhfarraigí idir 700 A.D. agus 1000 A.D., nó mar sin.



Eníomhaíocht

Gallúnach na Lochlannach

Níor chaitní na Lochlannaigh a goid ama ar fad ar an bhfarraige - bhí obair le déanamh acu ar an talamh freisin. Bhí orthu aire a thabhairt dá bfeirm agus do na hainmhithe, barra a chur agus a bhaint, báil a uilimh agus clann a thrógáil. Chaitní siad na héadaí ba dhíse a thí acu le dul chuig féilte agus chuig feisnna. Agus, go bhfios dúinn, nigh siad iad féin, ach níor cheannaigh siad an ghallúnach ná an ghlothrach (gel) chitrítholcha i siopa a bhí in aice leo - rinne siad an ghallúnach iad féin! Ceapann roinnt daoine go m'fhéidir gur úsáid siad cnóna capallí chun gallúnach a dhéanamh mar go bhfuil **ceimiceán** gallúnaí (soapy chemical) iontu. Má tá **crainn chnó capallí** ag fás in aice na scoile nó in aice do thí, ba cheart go mbeadh a lán cnóna capallí ar an talamh. Bain triail as gallúnach Lochlannach a dhéanamh tú féin.



AIRE: Ná hith cnóna capallí. Nigh do chuid lámh tar éis bheith ag obair leo

BUNÁBHAI:

- Cnóna capallí – na cnóna taobh istigh den bhlaosc (shell) spíceach ghlas nó dhonn
- Scián chun na cnóna a ghearradh (larr ar dhuine fásfa é seo a dhéanamh dúit)
- Grátálai (grater)
- Babhla • Uisce

TEORACHA:

1. Bain an craiceann ionrach (shiny) domn den chnó. Beidh dath bánbhuí (creamy) ar an gcuid taobh istigh den chnó.
2. Grátálai an cnó bánbhuí isteach i mbabhla. Bí cinnte go nionn tú an grátálai agus an babhla nuair a bionn tú críochnaithe.
3. Cuir beagán uisce leis agus fág é ar feadh uair an chlog nó mar sin.
4. Fáisc (Squeeze) amach an t-uisce breise.
5. Brúigh an meascán le chéile agus déan cruth barra gallúnaí as.
6. Fág é le triomú. Seans go mbeidh sé níos cosúla le catága gallúnaí ná le barra gallúnaí.

DÚSHLÁN BREISE:

Conas a dhéanfaí tástáil le fáil amach cé acu is fearr – gallúnach an tsiopa nó gallúnach na gndóna capallí? Leid: Ar an gcóad dul síos, cad go díreach atá i gceist agat le 'is fearr'? An í an ghallúnach a dhéanann an méid is mó bolgán? Nó an í an ghallúnach is tapúla a ghlanann do lámha? Bí cinnte go ndéanann tú **tástáil chothrom**.

Beirigh níos uir ar an eabha!

Cá bhfios dúinn faoi shaol na Lochlannach?



Seolaithe (scientists) iad **seandálaithe** (archaeologists) a dhéanann staidéar ar mhóin (peat), ar íthir (soil) agus fiú ar chaiseanna dramhaíola (rubbish pits) chun fáil amach faoi shaol na ndaoine a mhair fadó. Maireann ábhair (materials) áirithe na mílte bliain má bhionn na cúinsí (conditions) i gceart. **Lobhann** (decays) ábhair eile go han-tapa ar fad. Nuair a tháinig seandálaithe in Eabhrach Shasana (York) ar chlais dramhaíola, tháinig siad ar chnámha éan, ainmhithe agus éisc, ar bhlaoscanna cnó, ar bhlaoscanna uibheacha agus ar shíolta dóite. Tugann na rudai seo leideanna ghlíomhaíocht eile leat fáil amach.

Cúpla mí ó shin, tháinig seandálaithe ar thaisce (treasure hoard) i dtuaisceart Shasana. Bhí boinn (coins), ornáidí agus earraí lómhara (precious) miotail i bhíolach i mbabhla airgid. Bhí an babhla airgid istigh i gcofra luaidhe (lead chest). An bhfuil a fhios agat cén fáth a gcuirfeadh na Lochlannaigh a gcuid taisce i bhíolach i gcofra luaidhe? Ar theastaigh uathu é a **chaomhnú** (preserve) nó é a chosaint ar lóbadh? B'fhéidir go gcrábhóidh an chéad ghlíomhaíocht eile leat fáil amach.



Seandálai i mbun oibre

Eníomhaíocht

Eníomhaíocht: Taisce do thaisce!

Cén sórt cófra taisce a chabhróidh leat do thaisce a chaomhnú?



BUNÁBHAI:

- 'Taisce': D'fhéadfá searpháipéar nuachta a roghnú, nó craiceann torthaí (banana b'fhéidir) nó boinn nó searphiosai éadaigh.
- Áit éigin inar féidir leat do thaisce a chur faoi thalamh
- Boscaí nó malaí mar 'chófraí taisce': Blioth ábhair éagsúla sna boscaí/malaí seo m.sh. plaisteach, cairtchlár, éadach, páipéar
- Spád (spade)

AIRE: Ná cuir feoil faoi thalamh. Cailh péire lámhaime rubair nuair a bhíonn tú ag tochairt (digging up) do thaisce. Nigh do chuid lámh tar éis duit an t-inscrúdú (investigation) seo a dhéanamh.


TEORACHA:

1. Cuir marc ar an áit ina gcuirfidh tú an taisce. Rinne na Lochlannaigh ba chiallmhaire agus ab fhearr é seo in aimsir chogaidh – bhí a fhios acu ansin, in aimsir na síochána, cá háit le dul chun an taisce a fháil arís.
2. Cuir piosa den taisce céanna sna coimeádáin (containers) éagsúla. Fág cuid den taisce gan choimeádán.
3. **Tuar** (predict) cé acu coimeádán is fearr a chaomhnóidh an taisce. Cad a tharlóidh don taisce nach bhfuil i gcoimeádán?
4. Tochairt poll agus cuir an taisce ann. Iarr ar dhuine fásfa cabhnú leat.
5. Ag deireadh na scoilbhilana, tochairt do thaisce. Iarr ar do mhúinteoir é seo a chur i gcuimhne duit.
6. Féach cad a tharla don taisce. An raibh do thuair i gceart?



Eníomhaíocht

Long na Líreacán



Cúpla bliain ó shin, bhailligh páistí ar fud an domhain 15 milliún cipín líreacáin agus rinne Meiriceanach long Lochlannach doibh! Thóg sé dhá bhliain air chun na cipíní uile a chur le chéile le giú. Tá an long 15m ar fad (in length) agus bhí 20 duine inti ar an gcóad turas. Lainséalí sé an long in Amsterdam. B'fhusa raffa a dhéanamh ná báid. Bain triail as raffa a dhearadh as cipíní líreacáin.



Eníomhaíocht

Faoi lánseoil




Féach go cúramach ar an bpictiúr den dá bhád. Tá seol cearnógach ar an long Lochlannach. Bhí longa na Lochlannach in ann turais 2000km a dhéanamh – mar sin is láir gur longa den scoth iad. Ach tá seol triantánach ar bhád na linne seo (modern). An gceapann tú go ndéanann cruth an tseoil difríocht don bhealach a sheolann báid? Déan an chéad ghlíomhaíocht eile anseo agus féach an féidir leat an freagra a aimsiú.



BUNÁBHAI:

- 2 bhád. D'fhéadfá coimeádáin ime / margairín a úsáid
- Ábhar na seolta m.sh. cairtchlár, plaisteach, éadach
- 2 chramn seoil (masts) m.sh. pinn luaidhe, bataí, soip óil, cipíní líreacáin (lollipop sticks)
- Siosúr, seilthéip, bliúac, giú
- Áit chun na báid a sheoladh m.sh. doirteal mór nó focadh
- Uisce
- Gaoth de shaghas éigin – d'fhéadfá d'anáil a úsáid nó cópleabhar a bhogadh suas síos



TEORACHA:

1. Déan dhá bhád, ceann amháin le seol cearnógach agus an ceann eile le seol triantánach.
2. **Tuar** cé acu bád a sheolfaidh níos tapúla.
3. Déan **tástáil** ar an dá bhád. Bí cinnte gur **tástáil chothrom** í. Leideanna: Conas a chinnteoidh tú go mbeidh an ghaoth cothrom nuair a sheifidh sí ar an dá bhád? An bhfuil aon difríocht idir an dá bhád seachas (apart from) an seol?
4. Cé acu seol a chabhráigh leis an mbád seoladh níos tapúla?
5. An raibh do thuair i gceart?

DEAR AGUS DÉAN RAFFA AS CIPÍNÍ LÍREACÁIN.

BUNÁBHAI:

- A lán cipíní líreacáin • Giú • Áit chun an raffa a sheoladh m.sh. doirteal mór nó focadh • Uisce • Meáchain (weights) m.sh. bloic adhmaid le cur ar an raffa

SMÁINIGH ORTHU SEO:

1. Dear an raffa. Cén chosúlacht a bheidh air?
2. Socraigh cé chomh mór agus a bheidh an raffa. Cé mhéad cipín a theastóidh uait?
3. Conas a chuirfidh tú le chéile iad? Cé mhéad sraith (layer) a theastóidh uait?
4. Conas a chuirfidh tú an raffa ag seoladh?
5. Nuair atá an raffa déanta agat, féach an bhfuil difríochtaí idir é agus an dearadh a rinne tú. An bhféadfá é a fheabhsú? Scríobh síos do chuid smaointe air seo.

DÚSHLÁN BREISE:

Má sheolann an raffa, déan iarracht fáil amach cé mhéad meáchan is féidir leis a iompar. Conas a dhéanfaí é seo a thástáil leis na bloic?